Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)**

**14480/24**

**ENV 997
CLIMA 356**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 14 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14357/24 + COR 1 |
| Ábhar: | An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD):<br>• Ullmhúchán don 16ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (COP 16) in CBD<br>• Ullmhúchán don 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht (COP-MOP 11)<br>• Ullmhúchán don Chúigiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP 5)<br>(Cali, an Cholóim, an 21 Deireadh Fómhair – an 1 Samhain 2024)<br>= Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4050ú cruinniú dá cuid, an 14 Deireadh Fómhair 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**AN COINBHINSIÚN MAIDIR LEIS AN mBITHÉAGSÚLACHT (CBD)**

**Ullmhúchán don 16ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (COP 16) in CBD**

**Ullmhúchán don 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht (COP-MOP 11)**

**Ullmhúchán don Chúigiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP 5)**

**(Cali, an Cholóim, an 21 Deireadh Fómhair – an 1 Samhain 2024)**

- Conclúidí ón gComhairle -

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Á MHEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid seo a leanas:

- Pobail Dhúchasacha[1];
- Na hAigéin agus na Farraigí[2];
- Bithgheilleagar inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú[3];
- Dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú[4];

[1] 8814/17.
[2] 14249/19.
[3] 14594/19.
[4] 15151/19.

– An creat bithéagsúlachta domhanda tar éis 2020 a ullmhú – An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD)[5];
– An straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc'[6];
– Bithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach[7];
– Ag féachaint le téarnamh Ciorclach Glas[8];
– Straitéis Ceimiceán Inbhuanaithe an Aontais: Déanaimis beart de réir briathair[9];
– Tosaíochtaí an Aontais do Chruinniú Mullaigh 2021 na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia[10];
– Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030[11];
– Taidhleoireacht Aeráide an Aontais: dlús a chur le cur chun feidhme thorthaí Ghlaschú[12];
– An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD): Ullmhúchán don 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (COP 15) in CBD; Ullmhúchán don Deichiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht (COP-MOP 10); Ullmhúchán don Cheathrú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP 4) (Montréal, Ceanada, an 7-19 Nollaig 2022)[13];
– Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC): Ullmhúcháin don 28ú Comhdháil de na Páirtithe (COP28) de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) (Dubai, an 30 Samhain – an 12 Nollaig 2023)[14];
– Deiseanna an bhithgheilleagair i bhfianaise na ndúshlán reatha agus béim ar leith á leagan ar cheantair thuaithe[15];
– Taidhleoireacht ghlas an Aontais[16]

[5] 15272/19 + COR 1.
[6] 12099/20.
[7] 12210/20.
[8] 13852/20.
[9] 6941/21.
[10] 9335/21.
[11] 13537/21.
[12] 6120/22.
[13] 13975/22.
[14] 14285/23.
[15] 8406/23.
[16] 7865/24.

– Athbhreithniú meántéarma ar an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil – An bealach chun cinn i dtreo aistriú glas, cóir agus cuimsitheach ar mhaithe le hEoraip inbhuanaithe[17].

Á CHUR I BHFIOS GO LÁIDIR DI gur bagairt dhomhanda eiseach don chine daonna é cailliúint leanúnach na bithéagsúlachta, agus BÉIM Á LEAGAN AICI AR an ngá atá le hathrú ó bhonn chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin;

Á CHUR IN IÚL GUR CÚIS MHÓR IMNÍ DI a thromchúisí agus a phráinní atá na géarchéimeanna domhanda idirspleácha maidir le cailliúint na bithéagsúlachta, díghrádú éiceachórais, talún, uisce agus aigéin, an t-athrú aeráide agus an truailliú, chomh maith leis na hiarmhairtí a bhaineann le cailliúint leanúnach na bithéagsúlachta do sholáthar seirbhísí éiceachórais agus dea-bhail an duine;

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR a phráinní atá sé CBD agus na Prótacail a ghabhann leis a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach;

Á ATHDHEARBHÚ DI na gealltanais a tugadh faoi Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, lena leagtar síos cuspóirí agus spriocanna uaillmhianacha chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe agus lena gcuirtear treochlár cuimsitheach ar fáil chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú faoi 2030 chun an dúlra a chur ar bhealach an téarnaimh ar mhaithe le pobal agus pláinéad, MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT é do na Páirtithe uile, rialtais agus geallsealbhóirí eile feabhas a chur ar a gcuid gníomhaíochtaí féin ar an leibhéal domhanda, réigiúnach, náisiúnta agus fonáisiúnta chun na spriocanna faoi Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a bhaint amach;

CUIREANN SÍ IN IÚL AN ATHUAIR gealltanas an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstáit, Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chur chun feidhme agus aghaidh a thabhairt go práinneach agus go héifeachtach ar na cúiseanna díreacha agus indíreacha le cailliúint na bithéagsúlachta agus a bhfuil glacadh agus cur chun feidhme Straitéisí Náisiúnta Bithéagsúlachta agus Pleananna Gníomhaíochta(NBSAPanna) nuashonraithe nó athbhreithnithe agus ionstraimí ábhartha eile ríthábhachtach ina leith;

LEAGANN SÍ BÉIM AIR gur rannchuidiú ríthábhachtach ón Aontas agus a Bhallstáit é Rialachán (AE) 2024/1991 maidir le hathchóiriú an dúlra – a tháinig i bhfeidhm an 18 Lúnasa 2024 – chun Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chur chun feidhme agus gur céim thábhachtach é chun cailliúint an dúlra a aisiompú agus chun athléimneacht na hEorpa i leith éifeachtaí an athraithe aeráide a mhéadú;

[17] 11326/24.

AGUS É Á AITHINT AICI go bhfuil an tsochaí i gcoitinne mar aon leis an ngeilleagar ag brath go mór ar an mbithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais agus gur orthu atá an fhreagracht fís agus misean Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a bhaint amach;

Á AITHINT DI an t-idirspleáchas idir cailliúint na bithéagsúlachta, an t-athrú aeráide, an truailliú agus díghrádú talún; DEARBHAÍONN SÍ a tiomantas aghaidh a thabhairt ar na cásanna éigeandála sin ar bhealach cuimsitheach comhtháite comhleanúnach ina gcuimsítear straitéisí a théann chun tairbhe don dá thaobh, ina bhfuil coimircí láidre sóisialta agus comhshaoil, lena n-áirítear trí réitigh dhúlrabhunaithe; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór aghaidh a thabhairt ar an gceangal idir an bhithéagsúlacht, an aeráid, an talamh, an t-uisce agus an t-aigéan, an bia, an tsláinte agus an méid sin a dhéanamh ar bhealach stóinseach, éifeachtach agus iomlánaíoch; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le cur chuige comhleanúnach a áireamh maidir le cúiseanna idirnasctha uile chailliúint na bithéagsúlachta ionas go mbeifear in ann na comhbhabhtálacha a d'fhéadfadh a bheith frith-tháirgiúil do chur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a sheachaint nó a laghdú;

CÉ GO dTUIGTEAR DI go bhfuil an 16ú cruinniú de Chomhdháil na Páirtithe in CBD, an 29ú cruinniú de Chomhdháil na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus an 16ú cruinniú de Chomhdháil na Páirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac ag teacht sna sála ar a chéile, tá deis uathúil, mar sin féin, ag Coinbhinsiúin Rio tacaíocht fhrithpháirteach a thabhairt dá chéile, cur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal agus Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus baint amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a neartú;

Cuireann sí in iúl gur DÍOL SÁSAIMH DI uaillmhian na Colóime – gur don phobal COP 16; agus É Á AITHINT AICI go bhfuil cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine, ar an gcothromas agus ar an gcomhionannas inscne lárnach chun Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chur chun feidhme;

CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR – chun críocha na gconclúidí seo ón gComhairle – go bhfuil úsáid an téarma 'Pobail Dhúchasacha agus pobail áitiúla' gan dochar d'úsáid leanúnach théarmaíocht chomhaontaithe CBD i ndoiciméid CBD, a comhaontaíodh i gCinneadh XII/12 ó CBD COP, go dtí go ndéanfar caibidlíocht ar an tsaincheist sin;

## CAIBIDIL I – AN COINBHINSIÚN MAIDIR LEIS AN MBITHÉAGSÚLACHT

### Tacaíocht do chur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal

1. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI an cur chuige iltoiseach feabhsaithe maidir le pleanáil, faireachán, tuairisciú agus athbhreithniú atá i gceist le Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal agus le cinneadh 15/6 ó COP; DEARBHAÍONN SÍ GO bhFUIL SÍ TIOMANTA próiseas láidir éifeachtúil trédhearcach soiléir a ghlacadh ag COP16 maidir leis an athbhreithniú domhanda ar an dul chun cinn comhchoiteann i ndáil le cur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal chun an cur chun feidhme sin a neartú agus gealltanais bhreise a dhreasú;

2. DEARBHAÍONN SÍ GO bhFUIL SÍ TIOMANTA FREISIN na nuashonruithe ar an gcreat faireacháin a ghlacadh chun go mbeifear in ann an dul chun cinn i dtaobh chuspóirí agus spriocanna Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a mheas; TATHANTAÍONN SÍ ar na Páirtithe uile an creat faireacháin a úsáid, go háirithe na príomhtháscairí agus na táscairí dénártha sa seachtú agus san ochtú tuarascáil náisiúnta; agus IARRANN SÍ ar na páirtithe leasmhara agus ar na Comhaontuithe Comhshaoil Iltaobhacha ábhartha rannchuidiú le cur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal tríd an gcreat faireacháin a úsáid ina dtuairisciú;

3. LEAGANN SÍ BÉIM ar an úsáid is ceart a bhaint as Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal chun obair chomhlachtaí éagsúla an Choinbhinsiúin agus na bPrótacal a ghabhann leis, a Rúnaíochta agus a bhuiséid a ailíniú, a chur in ord tosaíochta agus a stiúradh ar bhealach éifeachtúil;

### Príomhshruthú na bithéagsúlachta ar fud na n-earnálacha

4. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a ríthábhachtaí atá sé an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú ar fud gach leibhéil rialtais, ar fud na sochaí, agus ar fud na mbeartas agus na n-earnálacha uile chun cuspóirí an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht agus Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chur chun feidhme go rathúil; IARRANN SÍ go dtiocfaí ar chomhaontú ag COP16 maidir le heagrú a dhéanamh ar obair an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht ar phríomhshruthú na bithéagsúlachta go dtí 2030, lena n-áirítear amlíne a bheidh réalaíoch ach uaillmhianach agus ina mbeidh gnéithe nithiúla;

5. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI Cur Chuige Coiteann na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht mar iarracht chomhtháite chórasach chomhoibríoch chun Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chur chun feidhme trí phríomhshruthú na bithéagsúlachta a éascú ar fud chóras na Náisiún Aontaithe agus IARRANN SÍ ar eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe leanúint den Chur Chuige Coiteann maidir leis an mBithéagsúlacht a chur chun feidhme go gníomhach, faoi chuimsiú a sainorduithe faoi seach;

**Fothú acmhainneachta agus forbairt, agus comhar teicniúil agus eolaíoch**

6. TACAÍONN SÍ leis an gcinneadh maidir le roghnú na lárionad tacaíochta réigiúnach agus foréigiúnach um chomhar teicniúil agus eolaíoch, ar uirlisí barrthábhachtacha iad chun na Páirtithe agus eagraíochtaí ábhartha, an earnáil phríobháideach, mná, an óige, pobail dhúchasacha agus áitiúla agus páirtithe leasmhara eile a chumasú chun úsáid éifeachtach a bhaint as eolas eolaíoch, teicneolaíocht agus nuálaíocht chun tacú le cur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal;

7. IARRANN SÍ go ndéanfaí cinneadh maidir le hóstach eintiteas comhordúcháin dhomhanda an tsásra um chomhar teicniúil agus eolaíoch; agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le hacmhainneacht leordhóthanach chun go bhfeidhmeoidh sé mar is ceart le cúnamh ón tSeirbhís Tacaíochta Eolais Dhomhanda don Bhithéagsúlacht, agus le hidirghníomhú fóinteach leis na lárionaid tacaíochta réigiúnacha agus foréigiúnacha um chomhar teicniúil agus eolaíoch maidir le gnéithe teicniúla;

8. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról agus an tábhacht a bhaineann le bonn láidir fianaise le haghaidh ceapadh beartas, lena gcuimsítear eolas eolaíoch chomh maith le heolas traidisiúnta agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá táirgí insoláthartha an Ardáin Idir-Rialtasaigh maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES) agus an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC); agus IARRANN SÍ go ndéanfaí an comhar idir IPBES agus an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht a neartú a thuilleadh; CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI an chaibidlíocht leanúnach lena bhfuiltear ag réiteach an bhealaigh chun painéal beartais eolaíochta a bhunú chun rannchuidiú a thuilleadh le bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola agus chun truailliú a chosc de réir rún 5/8 ó Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe;

**Bainistiú eolais agus an Teach Imréitigh**

9. TACAÍONN SÍ le glacadh na Straitéise Bainistithe Eolais chun tacú le cur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal agus leis an bhfaireachán ar thionchar na ngníomhaíochtaí ar an mbithéagsúlacht;

10. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI an clár oibre don Teach Imréitigh agus go háirithe ról na dtithe imréitigh náisiúnta chun tacú leis na Páirtithe agus na páirtithe leasmhara taithí agus dea-chleachtais a chomhroinnt agus comhar teicniúil agus eolaíoch a chur chun cinn;

**Comhar le Coinbhinsiúin agus eagraíochtaí eile**

11. DEARBHAÍONN SÍ GO bhFUIL SÍ LÁNTIOMANTA dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta, le díghrádú éiceachóras, talún, uisce agus aigéan, leis an athrú aeráide agus le truailliú ar bhealach éifeachtach comhtháite agus, dá bhrí sin, IARRANN SÍ go mbeadh comhar níos fearr agus níos dlúithe agus sineirgí neartaithe ann idir trí Choinbhinsiún Rio agus comhaontuithe agus tionscnaimh iltaobhacha eile ar gach leibhéal, tionscnaimh ábhartha eile de chuid na Náisiún Aontaithe, trí Phróiseas Bheirn, mar shampla, agus páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear institiúidí airgeadais;

12. IARRANN SÍ go mbeadh comhar feabhsaithe ann idir an Coinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht, UNFCCC agus UNCCD ar gach leibhéal ar mhaithe le cur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, Chomhaontú Pháras agus an Chláir um Leagan Síos Spriocanna maidir le Neodracht ó thaobh Díghrádú Talún, faoi seach, lena n-áirítear trí úsáid níos fearr a bhaint as Grúpa Comhpháirteach Idirchaidrimh Choinbhinsiúin Rio, trí fheabhas a chur ar an gcomhar agus na sineirgí idir comhdhálacha a bpáirtithe in 2024 agus ina dhiaidh sin, d’fhonn fiosrú freisin faoin obair chomhpháirteach a d’fhéadfaí a dhéanamh idir na Coinbhinsiúin, agus trí chomhar méadaithe ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe forbairt, athbhreithniú agus cur chun feidhme na straitéisí agus na bpleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht, na rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta, na bpleananna oiriúnaithe náisiúnta um an athrú aeráide, na gclár gníomhaíochta náisiúnta, na spriocanna náisiúnta deonacha um neodracht ó thaobh díghrádú talún, agus na bpleananna náisiúnta um thriomach;

13. MOLANN SÍ do na Páirtithe dlús a chur le cur chun feidhme réiteach dúlrabhunaithe, mar a shainmhínítear i rún 5 den chúigiú seisiún de Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe iad, agus scála an chur chun feidhme sin a mhéadú;

14. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI Ráiteas Comhpháirteach COP28 maidir leis an Aeráid, an Dúlra agus Daoine ó Uachtaránacht COP28 UNFCCC agus an cinneadh maidir leis an Athbhreithniú Domhanda ina leagtar béim ar chosaint a thabhairt d’éiceachórais talún agus mhuirí a fheidhmíonn mar linnte agus taiscumair gás ceaptha teasa tríd an mbithéagsúlacht a chaomhnú, lena n-áirítear tríd an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí a stopadh agus a aisiompú faoi 2030;

15. MOLANN SÍ go ndéanfaí an comhar idir IBPES agus IPCC a neartú a thuilleadh le linn an seachtú tréimhse mheasúnaithe, faoi mar a iarradh ag IPBES10, agus go neartófaí freisin na gníomhaíochtaí a bhaineann le bunú an phainéil beartais eolaíochta maidir le ceimiceáin, dramhaíl agus cosc an truaillithe;

**Faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha**

16. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá na critéir agus na prionsabail atá i gcinneadh 15/9 ó COP agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí toilteanach rannchuidiú, ag COP 16, le sainaithint agus glacadh mhódúlachtaí oibríochtúla an tsásra iltaobhaigh um chomhroinnt tairbhí a bhaineann le húsáid faisnéise faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha, lena n-áirítear ciste domhanda; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór d'aon réiteach rochtain oscailte ar fhaisnéis faoi sheichimh dhigiteacha a chaomhnú agus rianú agus lorgaireacht na seicheamh sin a sheachaint, agus a bheith go hiomlán i gcomhréir leis na critéir a bunaíodh i gcinneadh 15/9 ó COP ag an am céanna;

17. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS THAIRIS SIN gur cheart do na módúlachtaí lena ndéanfar oibríochtú ar an sásra iltaobhach um chomhroinnt tairbhí a bhaineann le húsáid faisnéise faoi sheichimh dhigiteacha, a bheith inoiriúnaithe d'ionstraimí rochtana agus comhroinnte tairbhí eile agus gur cheart dóibh tacú le chéile go frithpháirteach;

18. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart an ciste domhanda um fhaisnéis faoi sheichimh dhigiteacha a bheith ag brath go príomha ar ranníocaíochtaí ón earnáil phríobháideach i ngach tír; agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur fearr léi iomadú cistí a sheachaint agus na costais a bhaineann le bainistiú agus cur chun feidhme a íoslaghdú;

19. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú, leis an sásra iltaobhach um chomhroinnt tairbhí a bhaineann le húsáid faisnéise faoi sheichimh dhigiteacha, go dtabharfaí deimhneacht agus soiléireacht dhlíthiúil do sholáthraithe agus úsáideoirí uile na faisnéise sin agus go gcruthófaí cothrom iomaíochta leis do na húsáideoirí uile;

20. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart go mbeadh na Páirtithe agus na Pobail Dhúchasacha agus na pobail áitiúla uile i ngach tír incháilithe chun cistiú a fháil agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart d'eisíocaíocht na dtairbhí airgeadais tacú le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, gur cheart dóibh a bheith intuartha agus gur cheart iad a bhunú ar roinnt critéir ualaithe;

21. DEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí sásta i gcónaí machnamh agus measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann do na Páirtithe an sásra iltaobhach a leathnú go deonach chuig acmhainní géiniteacha amach anseo, ach gur cheart do COP 16 díriú i gcónaí ar fhaisnéis faoi sheichimh dhigiteacha; LEAGANN SÍ BÉIM, sa chomhthéacs sin, ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go socrófar leis an sásra iltaobhach eisíocaíocht fhóinteach chóir intuartha cistí do na Páirtithe uile, bunaithe ar an bprionsabal gur soláthraithe agus úsáideoirí acmhainní géiniteacha iad na Páirtithe uile;

**Slógadh acmhainní agus an sásra airgeadais**

22. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thiomanta atá sí acmhainní ó gach foinse a shlógadh, agus na sreafaí ábhartha airgeadais agus fioscacha uile a ailíniú de réir a chéile le cuspóirí agus spriocanna Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal;

23. TACAÍONN SÍ le ról na hÁise do Thimpeallacht na Cruinne (GEF) mar shásra airgeadais an Choinbhinsiúin chomh maith le Ciste an Chreata Dhomhanda Bithéagsúlachta agus CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI torthaí meántéarmacha GEF, a bhfuil 69 % dá sprioc maoinithe don bhithéagsúlacht bainte amach aici cheana féin, agus atá ag rannchuidiú ar an gcaoi sin le hacmhainní suntasacha airgeadais a sholáthar agus a shlógadh go rathúil le haghaidh an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht agus chur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal;

24. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI bunú agus oibríochtú pras Chiste an Chreata Dhomhanda Bithéagsúlachta, agus na ranníocaíochtaí a rinneadh leis, agus MOLANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh ranníocaíochtaí ó gach foinse chun cur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a threisiú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE nár sainaithníodh san obair a rinneadh go dtí seo gnéithe a thacódh i ndáil leis an ngá le hionstraim dhomhanda thiomnaithe um maoiniú don bhithéagsúlacht lasmuigh de na struchtúir chistiúcháin atá ann cheana;

25. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé go ndíreofaí iarrachtaí ar chur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, lena n-áirítear a chuspóirí agus a spriocanna a bhaineann le slógadh acmhainní, agus ar fheidhmiú agus barrfheabhsú na struchtúr cistiúcháin atá ann cheana;

26. MOLANN SÍ do GEF leanúint d’fheabhas a chur ar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus trédhearcacht an tsoláthair acmhainní, maoiniú príobháideach a ghiaráil, maoiniú cumaiscthe a chur chun cinn, agus straitéisí a chur chun feidhme chun acmhainní nua agus breise a chruinniú;

27. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI freisin na treochtaí dearfacha, mar a luadh sna tuarascálacha is déanaí ó ECFE maidir le staidreamh airgeadais bithéagsúlachta don bhliain 2022 iad, a sainaithníodh i ndáil leis na hacmhainní airgeadais iomlána a soláthraíodh do thíortha i mbéal forbartha i dtaca leis an mbithéagsúlacht, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na dúshláin atá fós ann maidir leis an mbearna sa mhaoiniú don bhithéagsúlacht a dhúnadh; IARRANN SÍ ar na tíortha uile a bhfuil sé ar a gcumas acu ranníoc leis an maoiniú idirnáisiúnta don bhithéagsúlacht, agus cineál dinimiciúil athraitheach a gcumas faoi seach á gcur san áireamh, agus IARRANN SÍ ar na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí, dlús a chur lena rannchuidiú siúd le cur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal agus a sreafaí airgeadais a ailíniú le Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal;

28. MEABHRAÍONN SÍ na gealltanais airgeadais a thug an Coimisiún Eorpach chun an cistiú seachtrach don bhithéagsúlacht a dhúbailt, go háirithe do na tíortha is leochailí, agus na gealltanais airgeadais a thug roinnt Ballstát den Aontas; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit le chéile is mó a sholáthraíonn cúnamh oifigiúil um fhorbairt ar fud an domhain a mhéid a bhaineann leis an mbithéagsúlacht;

29. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé féachaint ar bhealaí chun dlús a chur leis an maoiniú idirnáisiúnta don bhithéagsúlacht; DEARBHAÍONN SÍ GO bhFUIL SÍ TIOMANTA dul chun cinn breise a dhéanamh ar na príomh-chuir chuige i ndáil le maoiniú idirnáisiúnta an Aontais um chur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal in oirchill COP17 agus iarrann sí ar an gCoimisiún tograí nithiúla a dhéanamh i ndáil le seasaimh an Aontais ar an ábhar sin;

30. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí, go háirithe trí choinníollacha cumasúcháin agus timpeallachtaí infheistíochta a bhunú chun gníomhaíocht ar son na bithéagsúlachta a phríomhshruthú i mbeartais mhaicreacnamaíocha agus fhioscacha, lena n-áirítear buiséadú, infheistíocht phoiblí agus próisis soláthair;

31. IARRANN SÍ ar na gníomhaithe ábhartha uile, idir phoiblí agus phríobháideach, leanúint de chuir chuige a chur chun feidhme ar gach leibhéal chun gníomhú d’fhonn cuspóirí agus spriocanna Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal maidir le slógadh acmhainní a bhaint amach, agus den straitéis maidir le slógadh acmhainní le haghaidh Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chur chun feidhme; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé straitéis athbhreithnithe maidir le slógadh acmhainní a ghlacadh ag COP16;

32. LEAGANN SÍ BÉIM ar a éifeachtaí atá sprioc bhithéagsúlachta Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 an Aontais chun infheistíochtaí sa bhithéagsúlacht a dhreasú;

33. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá le fóirdheontais atá díobhálach don bhithéagsúlacht a shainaithint agus a dhíothú nó a atreorú de réir a chéile, ag tosú leis na fóirdheontais is díobhálaí, agus dreasachtaí agus ionstraimí eacnamaíocha atá dearfach a mhéadú;

34. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI an méadú atá ag teacht ar líon na bpleananna náisiúnta um maoiniú don bhithéagsúlacht, ar líon na n-ionstraimí dá leithéid agus ar an tacaíocht airgeadais ó GEF agus ó Ionstraim an Aontais um Thacaíocht Theicniúil;

35. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thiomanta atá sí comhghuaillíochtaí láidre a fhorbairt le tíortha atá i mbéal forbartha chun tacú le cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta um maoiniú don bhithéagsúlacht, lena n-áirítear iarrachtaí fothaithe acmhainneachta chun tacú leis an méid sin;

**An Bhithéagsúlacht Mhuirí agus Chósta**

36. Á MHEABHRÚ DI go n-athdhearbhaítear le rún 78/69 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe go leagtar amach le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) an creat dlíthiúil nach mór na gníomhaíochtaí uile ar na haigéin agus ar na farraigí a dhéanamh faoina chuimsiú; CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI glacadh an Chomhaontaithe, faoi chuimsiú UNCLOS, maidir le Caomhnú agus Úsáid Inbhuanaithe na Bithéagsúlachta Muirí i Limistéir lasmuigh den Dlínse Náisiúnta (Comhaontú BBNJ) agus IARRANN SÍ go ndaingneofaí an comhaontú roimh an tríú ceann de Chomhdhálacha na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin chun go bhféadfaidh sé teacht i bhfeidhm go pras mar dheis thábhachtach chun cur chun feidhme tapa chuspóirí agus spriocanna Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal abhaineann leis an mbithéagsúlacht mhuirí agus chósta a chothú; LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le comhar agus comhoibriú idir an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus Comhaontú BBNJ amach anseo chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, go háirithe Sprioc 3 de;

37. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé módúlachtaí athbhreithnithe a ghlacadh chun modhnú a dhéanamh ar thuairiscí ar limistéir mhuirí atá suntasach ó thaobh na héiceolaíochta nó na bitheolaíochta de agus chun tuairiscí a dhéanamh ar limistéir nua, chun a áirithiú go leanfaidh an próiseas i ndáil leis na limistéir sin de rannchuidiú luachmhar eolaíoch a dhéanamh le cur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal agus Chomhaontú BBNJ; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart toradh phróiseas na limistéar muirí atá suntasach ó thaobh na héiceolaíochta nó na bitheolaíochta de ceannasacht, cearta ceannasacha nó dlínse stát cósta a urramú go hiomlán, mar a fhoráiltear le UNCLOS;

38. LEAGANN SÍ BÉIM, THAIRIS SIN, ar a thábhachtaí atá sé leanúint den obair ar na cláir oibre don bhithéagsúlacht mhuirí agus chósta agus do bhithéagsúlacht na n-oileán, lena n-áirítear dlús a chur le cur chun feidhme gníomhaíochtaí tosaíochta, go háirithe na gníomhaíochtaí sin maidir le sceireacha coiréil, ag féachaint don olltuar atá ag titim amach faoi láthair, agus bailchríoch a chur ar shainaithint na mbearnaí ábhartha agus na réimsí ar gá díriú orthu a thuilleadh chun tacú le cur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal;

**Ábhair eile a bhaineann le COP16**

39. IARRANN SÍ, INA THEANNTA SIN, go mbainfí torthaí fóinteacha amach ag COP16 maidir le saincheisteanna téamacha barrthábhachtacha eile, mar shampla an bhithéagsúlacht agus an tsláinte, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta Domhanda maidir leis an mBithéagsúlacht agus an tSláinte a ghlacadh i gcomhréir le Cur Chuige na hAon Sláinte Amháin, an bhithéagsúlacht agus an t-athrú aeráide, speicis choimhthíocha ionracha, agus caomhnú plandaí;

**Saincheisteanna a bhaineann le Pobail Dhúchasacha agus pobail áitiúla**

40. AITHNÍONN SÍ ról agus rannchuidiú tábhachtach na bPobal Dúchasach agus na bpobal áitiúil mar chaomhnóirí na bithéagsúlachta agus mar chosantóirí eolais thraidisiúnta, nuálaíochtaí agus cleachtas traidisiúnta atá ábhartha i dtaca le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta; agus DEARBHAÍONN SÍ GO bhFUIL SÍ TIOMANTA tacú lena gcearta, lena n-eolas agus lena gcleachtais trí chuir chuige chuimsitheacha rannpháirteacha i gcomhréir le hionstraimí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine;

41. LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí atá sé oibriú chun clár oibre nua a ghlacadh maidir le hAirteagal 8(j) agus na forálacha gaolmhara agus chun teacht ar réiteach leormhaith maidir le socruithe institiúideacha a bheidh ann amach anseo ar mhaithe le rannpháirtíocht iomlán éifeachtach na bPobal Dúchasach agus na bpobal áitiúil i bpróisis an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht; agus TACAÍONN SÍ le bunú comhlachta bhuain nua mar léiriú ar an tábhacht pholaitiúil agus ar an ngá atá le leanúnachas, ar choinníoll go mbeidh sé éifeachtúil ó thaobh costais de agus go bhfreagróidh sé ar na riachtanais a shainaithneofar ar bhealach éifeachtach éifeachtúil;

42. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tacaíocht do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (Rún 61/295 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe) agus don ghealltanas maidir leis na spriocanna a leagtar amach ann a bhaint amach;

43. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtabharfar aghaidh ag COP16 ar na moltaí ón mBuanfhóram maidir le Saincheisteanna Dúchasacha; nuair a phléifear an téarmaíocht atá á húsáid faoi láthair i gcomhthéacs an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, mar a comhaontaíodh i gcinneadh XII/12 ó COP, cuireann sí chun suntais gur cheart breathnú arís uirthi d'fhonn tagairt a dhéanamh do na *Pobail Dhúchasacha agus na pobail áitiúla*, agus sláine agus cuspóirí an Choinbhinsiúin á gcoinneáil ar bun agus gan na cearta atá ag na Pobail Dhúchasacha agus na pobail áitiúla faoi láthair nó na cearta a d'fhéadfadh a bheith acu amach anseo a laghdú nó a mhúchadh;

**Bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach**

44. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an bithgheilleagar ag brath go mór ar éiceachórais shláintiúla athléimneacha, agus gur cheart sineirgí idir an bithgheilleagar agus an bhithéagsúlacht a chur chun cinn agus bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach á fhorbairt agus á chur chun feidhme;

**An bhitheolaíocht shintéiseach**

45. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas do chinneadh 14/19 ó COP maidir leis an ngá atá le scanadh ionchais, faireachán agus measúnú ar na forbairtí teicneolaíochta is déanaí maidir leis an mbitheolaíocht shintéiseach, CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI torthaí an phróisis agus TACAÍONN SÍ le hobair leantach éifeachtúil chun cur leis an taithí a fuarthas roimhe seo, lena ndírítear ar thionchair dhearfacha nó dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaobh thrí chuspóir an Choinbhinsiúin, trí shainghrúpa teicniúil ildisciplíneach *ad hoc*, más féidir, agus AITHNÍONN SÍ ag an am céanna gur gá fothú acmhainneachta agus forbairt, rochtain ar theicneolaíocht agus aistriú teicneolaíochta faoi réir téarmaí arna gcomhaontú go frithpháirteach, agus comhroinnt eolais maidir leis an mbitheolaíocht shintéiseach a chur chun cinn;

## CAIBIDIL II - PRÓTACAL CARTAGENA AR AN MBITHSHÁBHÁILTEACHT

46. Á AITHINT DI an ról tábhachtach atá ag Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht agus ag Prótacal Forlíontach Nagoya-Kuala Lumpur ar Dhliteanas agus Sásamh chun spriocanna agus cuspóirí ábhartha Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a bhaint amach, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá leis an bPrótacal a chur chun feidhme go hiomlán trí chreataí náisiúnta bithshábháilteachta a neartú, trí nósanna imeachta láidre maidir le measúnú riosca agus bainistiú riosca atá bunaithe ar an eolaíocht a ghlacadh, trí fheabhas a chur ar fhothú acmhainneachta agus ar thacaíocht theicniúil trí úsáid a bhaint as Teach Imréitigh na Bithshábháilteachta chun faisnéis a chomhroinnt agus trí fheasacht an phobail agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí a chur chun cinn;

47. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gné thábhachtach de chur chun feidhme Phrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht é a bheith in ann orgánaigh mhodhnaithe bheo a bhrath agus a shainaithint, agus MOLANN SÍ do na Páirtithe foilseacháin tagartha, modhanna braite agus ábhair oiliúna a chomhroinnt i dTeach Imréitigh na Bithshábháilteachta;

48. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí agus na hábhair imní a tharraing comhaltaí an Choiste um Chomhlíonadh faoi Phrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht anuas sa tuarascáil ón 19ú cruinniú dá chuid, agus AITHNÍONN SÍ gur gá iad a bhreithniú a thuilleadh;

49. IS DÍOL SÁSAIMH DI obair an tSainghrúpa Theicniúil *Ad Hoc* um Measúnú Riosca agus um Bainistiú Riosca maidir leis na hábhair treorach dheonacha bhreise chun tacú leis an measúnú riosca cás ar chás ar orgánaigh mhodhnaithe bheo ina bhfuil géintiomántáin a ndearnadh innealtóireacht orthu; agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé é a úsáid agus measúnú a dhéanamh ar a infheidhmeacht agus ar a úsáidí atá sé;

50. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an cur chuige réamhchúraim, mar atá i bPrionsabal 15 de Dhearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt agus an measúnú riosca don chomhshaol atá bunaithe ar an eolaíocht, i gcinntí a bhaineann le horgánaigh mhodhnaithe bheo, agus CUIREANN SÍ IN IÚL go dtacaíonn sí le leanúint den phróiseas struchtúrtha atá faoi stiúir na bPáirtithe chun saincheisteanna sonracha maidir le measúnú riosca a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh, ar saincheisteanna iad a bhféadfadh sé gur gá iad a bhreithniú, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le tuilleadh ábhair threoracha dheonacha a fhorbairt maidir le measúnú riosca ar na saincheisteanna sonracha sin a sainaithníodh;

**CAIBIDIL III - PRÓTACAL NAGOYA MAIDIR LE ROCHTAIN AGUS COMHROINNT TAIRBHÍ**

51. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé Prótacal Nagoya a chur chun feidhme go hiomlán chun cuspóirí Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a bhaint amach, go háirithe chun a áirithiú go ndéanfar na tairbhí a eascraíonn as úsáid acmhainní géiniteacha a chomhroinnt go cóir agus go cothromasach, agus ar an gcaoi sin, go rannchuideofar le caomhnú na bithéagsúlachta agus le húsáid inbhuanaithe;

52. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi ar gá do na Páirtithe uile a mbearta dlíthiúla, riaracháin agus beartais a neartú chun rochtain ar acmhainní géiniteacha a éascú agus chun a áirithiú go gcomhroinnfear na tairbhí a eascraíonn óna n-úsáid ar bhealach cóir cothromasach, i gcomhréir le forálacha Phrótacal Nagoya;

53. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé feasacht a mhúscailt agus acmhainneacht a fhothú i measc geallsealbhóirí, lena n-áirítear Pobail Dhúchasacha agus pobail áitiúla, mná agus an óige, maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí faoi Phrótacal Nagoya, agus tá sí TIOMANTA an plean gníomhaíochta um fhothú acmhainneachta agus um fhorbairt a ghlacadh le haghaidh Phrótacal Nagoya.